An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

# An Beartas maidir le Ráitis Phoiblí

| | |
|---|---|
| Rannóg | Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí |
| Uimh. Beartais | SE POL 8.2.1 002 |
| Uimh. Leasaithe | 000 |
| Údar | John Farrelly |
| Dáta | Feabhra 2017 |
| Formheasta ag | An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin |
| I bhfeidhm ó | 23 Feabhra 2017 |
| Dáta Athbhreithnithe | 23 Feabhra 2018 |
| Leathanaigh | 07 |

## 1.0 Cúlra – Cé sinne

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas mar Údarás **neamhspleách** ar bhonn reachtúil i mí Dheireadh Fómhair 2014 de réir an Achta Carthanas 2009. Tá an Rialálaí Carthanas freagrach as gach carthanas a dhéanann gníomhaíochtaí i bPoblacht na hÉireann a chlárú agus a rialáil.

### Ár Misean:

'An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas'.

### Ár Luachanna:

### Ár bhFeidhmeanna:

- Iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú.
- Comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla.
- Úsáid éifeachtach maoine iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn.

- Cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú.
- Tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla.
- Clár d'eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil.
- Comhlíonadh an Achta seo ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna.
- Imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta seo.
- Feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú).
- Cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena náirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis.
- Faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

## 2.0 Réamhrá

Ceann de phríomhfheidhmeanna an Rialálaí Carthanas is ea iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh carthanas a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil eagraíochtaí carthanúla cuntasach do dheontóirí, do thairbhithe agus don phobal. Is iad croíluachanna an Rialálaí Carthanas neamhspleáchas, cothroime, oscailteacht, foghlaim, rannpháirtíocht agus comhréireacht. Is é cuspóir an bheartais seo forbhreathnú a thabhairt ar an gcur chuige a ghlacann an tÚdarás i leith ráitis phoiblí a dhéanamh maidir lenár ngníomhaíocht rialála.

## 3.0 Raon feidhme

Leagtar amach sa bheartas seo an cur chuige cumarsáide seachtraí a ghlacaimid i leith ár gcláir oibre rialála.

## 4.0 Cineálacha Gníomhaíochta Rialála

Tugann an Rialálaí Carthanas faoi leibhéil dhifriúla ghníomhaíochta rialála (fíor 1) chun comhlíonadh an Achta Carthanas (an tAcht) a chinntiú agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin. I ngach cás, bíonn an ghníomhaíocht rialála ar fad bunaithe ar aon riosca measúnaithe ar neamhchomhlíonadh agus bíonn an ghníomhaíocht comhréireach leis an riosca sin.

**Fíor 1 – Cineálacha Gníomhaíochta Rialála**

| **Gníomhaíocht**<br>**Obair réamh-imscrúdaithe** | **Cuspóir** |
|---|---|
| **Fiosrúchán/cásobair** | • ábhair imní a fháil ón bpobal/ó pháirtithe leasmhara<br>• fógraí a fháil ó Charthanais<br>• fianaise a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar a chruinne atá líomhaintí a fhaightear tríd an bpróiseas ábhar imní.<br>• fianaise a bhailiú chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil an carthanas ag comhlíonadh an Achta. |
| **Scrúdú alt 68** | • fianaise a bhailiú chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart cigire a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na heagraíochta carthanúla. |
| **Gníomhaíocht**<br>**Obair imscrúdaithe reachtúil** | **Cuspóir** |
| **Imscrúdú alt 64** | • imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí eagraíochta carthanúla agus tuairisc a ullmhú ina leith. |

## 5.0 Ráitis maidir le gníomhaíocht réamh-imscrúdaithe

Ní gnách go bhfoilsíonn an Rialálaí Carthanas ráitis maidir lena ghníomhaíocht réamh-imscrúdaithe i ndáil le haon charthanas ar leith. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh go gcinnfeadh sé:

- go mbeadh sé chun leas an phobail ráiteas a eisiúint
- go méadófaí iontaoibh agus muinín an phobail as carthanais ach ráiteas a eisiúint

Mar shampla, i gcás:

- go bhfuil spéis shuntasach ag an bpobal i rannpháirtíocht rialála an Rialálaí Carthanas le carthanas agus/nó go bhfuil clúdach suntasach ann sna meáin ar rannpháirtíocht rialála an Rialálaí Carthanas le carthanas agus go mbaineann tábhacht phoiblí leis an tsaincheist atá i gceist
- gur mian leis an Rialálaí Carthanas ábhair áirithe a shoiléiriú nó freagairt go poiblí do shaincheisteanna áirithe a tarraingíodh anuas
- gurb eol don phobal gur ciontaíodh duine aonair a bhfuil baint aige/aici le carthanas i gcion a bhaineann le cás de chuid an Rialálaí Carthanas
- i gcás go measann an Rialálaí Carthanas go dtarraingíonn cás ar leith saincheisteanna anuas a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do charthanais eile nó do dheontóirí (d'fhéadfadh go bhfoilseodh sé foláireamh ginearálta i gcásanna den sórt sin freisin)

## 6.0 Ráitis maidir le hobair imscrúdaithe reachtúil an Rialálaí Carthanas

Chun leas an phobail, eiseoidh an Rialálaí Carthanas ráiteas poiblí de ghnáth nuair a osclaíonn sé imscrúdú reachtúil ar charthanas.

Ní eiseoidh an Rialálaí Carthanas ráiteas ar an ábhar i gcás go measann sé nach mbeadh sé sin chun leas an phobail nó i gcás nach eol d'iontaobhaithe an charthanais lena mbaineann go bhfuil imscrúdú á oscailt.

D'fhéadfadh go gcinnfeadh sé gan ráiteas a eisiúint sna cásanna seo a leanas freisin:

- i gcás go rachadh sé i bhfeidhm ar imeachtaí dlíthiúla, ar phróis chuí nó ar an toradh éifeachtach ar imscrúdú an Rialálaí Carthanas nó ar oibríochtaí nó ar imscrúduithe Údarás/Gníomhaireachtaí eile stáit, nó i gcás go ndéanfadh sé dochar do na nithe sin
- i gcás go mbeadh sé díobhálach do dhuine aonair nó do ghrúpaí daoine aonair ar leith, mar shampla, riosca do shábháilteacht phearsanta duine aonair
- i gcás go ndéanfadh sé difear míchuí d'íogaireachtaí tráchtála nó go mbeadh sé ina chúis le ceisteanna slándála náisiúnta
- i gcás go mbeadh sé chun aimhleasa an charthanais agus/nó a thairbhithe
- i gcás go ndéanfadh sé dochar do dhualgais dhlíthiúla an Rialálaí Carthanas nó go sáródh sé na dualgais sin

I bhformhór na gcásanna, déanfaidh an Rialálaí Carthanas an tuarascáil imscrúdaithe a fhoilsiú tar éis chríochnú aon imscrúdaithe, ach amháin i gcás go bhféadfadh go rachadh sé sin i bhfeidhm ar imeachtaí dlíthiúla, ar phróis chuí nó ar an toradh éifeachtach ar aon chaingean chúirte fhéideartha nó i gcás go bhféadfadh go ndéanfadh sé sin dochar do na nithe sin.

## 7.0 Freagra a thabhairt ar cheisteanna maidir le gníomhaíocht rialála leanúnach

Is minic a fhaigheann an Rialálaí Carthanas ceisteanna ó na meáin maidir lena rannpháirtíocht le carthanais i ndáil le saincheisteanna rialála.

Is í foireann rannpháirtíochta an Rialálaí Carthanas a phléann leis na ceisteanna sin.

I bhformhór na gcásanna, ní dhéanfaidh an Rialálaí Carthanas trácht ar a obair rialála (lasmuigh de ráitis fhormheasta phoiblí) agus ní thabharfaidh sé aon sonraí nua faoi imscrúduithe toisc go bhféadfadh go ndéanfadh sé sin dochar do phróis chuí agus don toradh ar a obair rialála.

## 8.0 Athbhreithniú Beartais

Déanfaidh an Ceann um Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí athbhreithniú rialta ar an mBeartas seo mar thoradh ar aon táscairí reachtacha nó aon táscairí eile agus faoi dháta athbhreithnithe sonraithe an Bheartais i gcás ar bith.

## 9.0 Oiliúint Foirne

Cuirfidh an Rialálaí Carthanas ar chumas na mball foirne chun bheith ar an eolas faoin mbeartas seo, an beartas seo a thuiscint agus gníomhú de réir an bheartais seo agus iad ag obair thar ceann an Rialálaí Carthanas, agus cuirfidh sé oiliúint orthu i ndéanamh amhlaidh.

## 10.0 Stair Leasaithe

| Uimhir Leasaithe | Dáta Athbhreithnithe | Cúis leis an nuashonrú |
|---|---|---|
| **000** | 23 Feabhra 2017 | D'fhormheas Bord an Údaráis an beartas |
| | | |
| | | |